

Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 14

Ainm _____ Rang _____

Gaelscoil Uí Néill



Clár

	lth.
Foclóir A	2
Lá Breithe Sona Duiit	4
Trí Sicíní	5
Foclóir B	6
Dónall and Dragan	8
An Ialtóg	9
Foclóir C	10
Luchóga Beaga agus Eilifintí Móra	12
An Láma	13
Foclóir D	14
Teach do na Teidithe	16
Bricfeasta	17
Foclóir E	18
An Crannbhothán Draíochta	20
Tarantúlaí	21
Foclóir F	22
An Trodaí Tine	24
Sióg na bhFiacla	25

A a

a aidiacht

1 s'aige, rud ar leis é *Chuir sé a chóta air.* **2** s'aici, rud ar léi é *Chuir sí a cóta uirthi.* **3** s'acu, rud ar leo é *Chuir siad a gcótaí orthu.*

a cónasc

focal a cheanglaíonn dhá phíosa eolais le chéile *Sin an fear a bhí anseo inné.*

á aidiacht

1 é nuair atá rud éigin ag tarlú dó *Bhí mé á bhualadh.* **2** í nuair atá rud éigin ag tarlú di *Bhí mé á bualadh.* **3** iad nuair atá rud éigin ag tarlú dóibh *Bhí mé á mbualadh.*

ab ainmfhocal abai

manach atá i gceannas ar mhainistir

abacas ainmfhocal abacais

fráma le sraitheanna coirníní a úsáideann tú le cuntas nó áirimh a dhéanamh

abair briathar dúirt, deir,

déarfaidh, rá, ráite

1 focail a dhéanamh ó bhéal, labhairt *Abair sin arís le do thoil.* **2** ceol a dhéanamh ó bhéal, canadh *Abair amhrán.*

abairt ainmfhocal abairtí

grúpa focal a léiríonn smaoineamh, tosaíonn abairt le ceannlitir agus críochnaíonn sí le lánstad, comhartha ceiste nó comhartha uailbhreasa

ábalta aidiacht níos/ís ábalta

bheith in ann rud a dhéanamh, is féidir é a dhéanamh *Tá mé ábalta Gaeilge a labhairt.*

ábaltacht ainmfhocal ábaltachtaí

scil nó tallann a bheith agat le rud a dhéanamh, bua, cumas, inmhe

abar ainmfhocal abair

1 talamh atá bog agus fliuch **2** dul in abar bheith i bponc nó i dtrioblóid

abdóman ainmfhocal

abdómain

an chuid de do chorp faoi do bhrollach ina bhfuil do ghoile agus do phutóga

abhac ainmfhocal abhaic

duine beag nó rud beag

abhaile dobhriathar

ag dul chuig an áit a gcónaíonn tú *Tá mé ag dul abhaile.*

abhainn ainmfhocal aibhneacha

1 sruthán mór uisce **2** bruach na habhann an talamh taobh le abhainn

ábhar ainmfhocal ábhair

1 an rud as a ndéantar earra, plaisteach nó adhmaid mar shampla **2** ábhar scoile na rudaí a fhoghlaimíonn tú ar scoil, Gaeilge, Béarla, an Mhatamaitic agus mar sin de *Is í an Ghaeilge an t-ábhar scoile is fearr liom.*

ábhartha aidiacht níos/ís ábhartha

rud a bhaineann le topaic ar leith

abhcóide ainmfhocal abhcóidí

1 dlíodóir a oibríonn sna cúirteanna arda **2** duine a chuidíonn nó a thacaíonn le duine eile, nó a labhraíonn ar a shon

abhlann ainmfhocal abhlanna

an t-arán naofa a fhaigheann duine nuair a théann sé chuig Aifreann

abhóg ainmfhocal abhóga

1 léim nó preabadh **2** scéal iontach

abhus dobhriathar

anseo

abraigí briathar

gabh chuig abair *Abraigí bur bpaidreacha sula dtéann sibh a luí.*

acadamh ainmfhocal acadaimh

1 scoil no coláiste **2** grúpa scoláirí a bhuaileann le chéile leis an obair s'acu a phlé

acadúil aidiacht níos/ís acadúla

rudaí a bhaineann leis an scolaíocht nó le foghlaim i scoil nó in ollscoil

acastóir ainmfhocal acastóirí

an slat trí lár rotha, tiontaíonn an roth air

ach cónasc

1 cónasc a úsáidtear le dhá phíosa eolais a cheangal le chéile *Is maith liom madaí ach ní maith liom caít.* **2** méid áirithe nó rud ar leith a chur in iúl *Níl ach cúig phunt fágtha agam.*

achainí ainmfhocal achainíocha





rud a iarrann tú, impí, iarratas

achainigh briathar d'achainigh,

achainíonn, achaineoidh, achainí, achainithe rud a iarraidh, impigh

achan aidiacht

iad uilig, gach aon, gach uile *Ba mhaith liom achan mhilseán a ithe.*



Obair Bhaile 1


Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir más gá.

achan	ach	abraigí	abhaile
ábalta	abair	ábhar	


1. Tá mé _____ Gaeilge a labhairt.
 2. _____ amhrán.
 3. Tá mé ag dul _____.
 4. Is í an Ghaeilge an t-_____ scoile is fearr liom,
 5. _____ bhur bpaidreacha sula dtéann sibh a luí.
 6. Is maith liom madaí _____ ní maith liom cait.
 7. Níl _____ cúig phunt fágtha agam.
 8. Ba mhaith liom _____ mhilseán a ithe.
-

Obair Bhaile 2


Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:




a__




aba__




abh__



abh__



abhl__



aca__

Obair Bhaile 3

Lá Breithe Sona Duit

Tá mo lá breithe ann inniu. Seo an lá is fearr den bhliain. Fuair mé cuid mhór bronntanas agus bhí cóisir agam. Bhí cáca mór agam agus bhí 9 coinnle ar an cháca.

Déanann daoine rudaí difriúla ar a lá breithe. Ní bhíonn cáca nó cóisir ag gach duine, ach is é rud amháin a dhéanann gach duine ná *Lá Breithe Sona Duit* a chanadh.

Tá an t-amhrán *Lá Breithe Sona Duit* níos mó ná 100 bliain d'aois. Scríobh beirt bhán ó Mheiriceá é. Bhí na hainmneacha Mildred agus Patty Hill orthu. Ar dtús, bhí an t-ainm *Maidin Mhaith do Chách* ar an amhrán. Níos moille, d'athraigh na focail go dtí a focail atá againn anois – *Lá Breithe Sona Duit*. Bíonn daoine ar fud an domhain á chanadh anois ar lá breithe.




Ceisteanna

1. Cén lá atá ann inniu?
 - a. Tá Lá na Nollag inniu.
 - b. Tá lá breithe ann inniu.
 - c. Tá Lá Fhéile Pádraig ann inniu.
2. Cá mhéad coinnle a bhí ar an cháca?
 - a. Bhí 7 coinnle ar an cháca.
 - b. Bhí 9 coinnle ar an cháca.
 - c. Bhí 11 coinnle ar an cháca.
3. Cad é an t-ainm a bhí ar an amhrán *Lá Breithe Sona Duit* ar dtús?
 - a. Lá Nollaig Maith Duit
 - b. Oíche Mhaith do Chách
 - c. Maidin Mhaith do Chách

Obair Bhaile 4

Trí Sicíní

Tá trí sicíní agam. Circín, Donna agus Rua atá orthu. Fuair mo mhamaí iad dom mar is maith liom uibheacha go mór. Ithim uibheacha chomh minic agus is féidir liom. Níl sé maith uibheacha a ithe gach lá, ach ithim uibheacha do mo bhricfeasta ar an Satharn agus ar an Domhnach.



Cheannaigh muid cúpla rud sula bhfuair muid na trí sicíní. Fuair muid adhmaid agus sreang chun cró a dhéanamh ar dtús. Chuir muid bosca beag sa chró do na huibheacha agus fuair muid bia sicín agus féar tirim ón siopa peataí.

Is ansin a fuair muid na sicíní, nó na cearca mar a thugtar ar shicíní a bheireann uibheacha. Beireann siad uibheacha beagnach gach lá; agus ithimid na huibheacha sin don bhricfeasta ar an Satharn agus ar an Domhnach. Bíonn bricfeasta úr blasta againn gach deireadh seachtaine.

Ceisteanna

1. Cá mhéad sicín atá ann?
 - a. Tá 1 sicín ann.
 - b. Tá 2 sicíní ann.
 - c. Tá 3 sicíní ann.
2. Cad é a rinne siad ar dtús, sula bhuair siad na cearca.?
 - a. Cheannaigh siad uibheacha.
 - b. Rinne siad cró.
 - c. Fuair siad cat.
3. Cad é a thugtar ar shicín a bheireann uibheacha?
 - a. Tugtar cearc ar shicín a bheireann uibheacha.
 - b. Tugtar coileach ar shicín a bheireann uibheacha.
 - c. Tugtar lacha ar shicín a bheireann uibheacha.

bac *ainmfhocal* baic

cur isteach, balla nó sconsa a chuireann stop le rudai

bac *briathar* bhac, bacann, bacfaidh, bacadh, bactha

1 blocáil, stop a chur le rud **2 bac le** baint a bheith agat le rud, cur isteach ar rud *Ná bac leis an mhadadh fíochmhar sin.*

bacach *aidiacht* níos/ís bacai gan a bheith ábalta siúl mar is ceart

bacach *ainmfhocal* bacadh

1 duine nach bhfuil ábalta siúl mar is ceart **2** duine bocht a iarrann airgead ar dhaoine sa tsráid

bacadaí *ainmfhocal*

ag bacadaí ag siúl ar bhealach aisteach de bharr go bhfuil rud éigin cearr le do chos

bácáil *ainmfhocal*

bia a chócaráil san oigheann, arán agus cistí mar shampla *Tá dúil agam sa bhácáil.*

bácáil *briathar* bhácáil, bácálann, bácálfaidh, bácáil, bácáilte
bia a chócaráil san oigheann, arán nó ciste mar shampla *Bíonn báicéir ag bácáil aráin san oigheann.*

bacainn *ainmfhocal* bacainní

balla nó sconsa a chuireann stop le duine ag dul ar aghaidh, constaic

bacán *ainmfhocal* bacáin
an chuid tosaigh den sciathán láimhe

bachall *ainmfhocal* bachalla
crúca aoire

bachlóg *ainmfhocal* bachlóga
bláth nó duilleog sula n-osclaíonn sé

bácús *ainmfhocal* bácúis
an áit a ndéantar nó a ndíoltar arán

bád *ainmfhocal* báid

feithicil bheag a sheolann nó a thaistílfonn ar an uisce

badhbh *ainmfhocal* badhbha
éan measartha mór le gob fada a chónaíonn i dtíortha atá te agus a itheann rudaí marbha a fhágann ainmhithe eile ina ndiaidh, bultúr

badhró *ainmfhocal* badhrónna
peann le liathróid bhean mar phointe

badmantan *ainmfhocal*

cluiche atá cosúil le leadóg ach le líon níos airde agus le cearc chealgach in áit liathróide

bádóir *ainmfhocal* bádóirí

duine a bhíonn ag obair nó ag seoladh ar bhád

bádóireacht *ainmfhocal*
seoladh ar bhád

bagair *briathar* bhagair, bagaíonn, bagróidh, bagairt, bagartha
rabhadh a thabhairt do dhuine go gcuirfidh tú pionós air nó go ndéanfaidh tú dochar dó muna ndéanann sé an rud a ba mhaith leat

bagairt *ainmfhocal* bagairtí

rabhadh go gcuirfidh tú pionós ar dhuine nó go ndéanfaidh tú dochar dó muna ndéanann sé an rud a ba mhaith leat

bagáiste *ainmfhocal* bagáistí
na málaí agus cásanna a thugann tú leat ar thuras

baghcat *ainmfhocal* baghcait
gan earraí a cheannach ó shiopa nó gan dul chuig áit

bagún *ainmfhocal*

slisín feola, tagann sé ón mhuc *Is maith liom bagún agus uibheacha don bhricfeasta.*

báicéir *ainmfhocal* báicéirí
duine a bhíonn ag bácáil aráin agus cistí

báicéireacht *ainmfhocal*

bia a chócaráil san oigheann, arán agus cistí mar shampla

baicle *ainmfhocal* baiclí
grúpa daoine, gasra

baictéar *ainmfhocal* baictéir

frídín beag a bhíonn mar chúis le tinneas nó galar

báigh *briathar* bháigh, bánn, báfaidh, bá, báite
duine nó ainmhithe a thumadh in uisce go dtí go bhfuil siad marbh

bail *ainmfhocal*

tá bail mhaith air tá sé ag obair mar is ceart

baile *ainmfhocal* bailte


1 an áit a gcónaíonn duine **2** grúpa tithe agus foirgnimh eile atá uilig suite in aice lena chéile

bailé *ainmfhocal*

damhsa speisialta le ceoil a chuireann scéal in iúl

Baile Átha Cliath *ainmfhocal*
príomhchathair na hÉireann

baileach *aidiacht* níos/ís bailí
go díreach ceart, cruinn



Obair Bhaile 5






Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.

bagún	bac	bácáil	bhácáil
bád	bailé	badmantan	bagáiste

1. Bíonn báicéir ag _____ aráin san oigheann.
2. Is maith liom _____ agus uibheacha don bhricfeasta.
3. Bhí an _____ ag seoladh ar an loch.
4. Is maith liom _____ a imirt le raicéad.
5. Fuair sé an _____ ag an aerfort.
6. Is é an _____ an damhsa is fearr liom.
7. Ná _____ leis an mhadadh fíochmhar sin.
8. Tá dúil agam sa _____.

Obair Bhaile 6

Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:



Obair Bhaile 7

Dónall an Dragan

Lá den saol, bhí dragan ann darb ainm Dónall. Bhí sé ina chónaí i bpluais in aice le baile beag.

Bhí Dónall iontach cairdiúil, ach bhí eagla ar na daoine ón bhaile roimhe. Scream siad agus rith siad ar shiúl nuair a chonaic siad é. Bhí brón ar Dhónall an Dragan.

Lá amháin, bhí Dónall ag eitilt thar an talamh. Chonaic sé feirmeoir a bhí i bponc, bhí sé greamaithe sa chlábar. D'eitil Dónall síos le cuidiú leis.

“Ííííccccc!” arsa an feirmeoir. “Dragan!”

“Tá sé maith go leor,” arsa Dónall. “Tá mé anseo le cuidiú leat.”

Ghlac Dónall a lámha agus tharraing sé an feirmeoir amach as an chlábar salach.

“Go raibh maith agat!” arsa an feirmeoir. “Déarfaidh mé le gach duine go bhfuil tú iontach cairdiúil.” Rud a rinne sé.

Ón lá sin amach, bhí dúil ag na daoine ón bhaile sa dragan. Bhí sé mar pheata an bhaile agus ní raibh brón air a thuilleadh.



Ceisteanna

1. Cad é an t-ainm a bhí ar an dragan?
 - a. Dave an Dragan an t-ainm a bhí air.
 - b. Daithí an Dragan an t-ainm a bhí air.
 - c. Dónall an Dragan an t-ainm a bhí air.
2. Cad é a rinne daoine nuair a chonaic siad an dragan ag an tús?
 - a. Chuaigh siad i bhfolach.
 - b. Scream siad agus rith siad ar shiúl.
 - c. Thug siad neamhaird air.
3. Cad é mar a chuidigh an dragan leis an fheirmeoir?
 - a. Shábháil sé caora s'aige.
 - b. Tharraing sé é amach ó thine.
 - c. Tharraing sé amach ó chlábar.

Obair Bhaile 8

An Ialtóg

Tá an ialtóg cosúil le luchóg ach le sciatháin. Tugtar *sciathán leathair* ar an ialtóg fosta. Is é an ialtóg an t-aon mhamach atá ábalta eitilt.

Déanann an ialtóg codladh sa lá agus téann sí amach ag seilg san oíche. Itheann siad feithidí, éin, éisc agus ainmhithe beaga. Úsáideann siad fuaim le cuidiú leo bia a fháil. Caithfidh siad cuid mhór feithidí a ithe gach lá.

Is maith leis an ialtóg crochadh bunoscionn óna cosa. Thig leo ligean don ghéag, titim agus eitilt ar shiúl go gasta.

Is maith le cuid mhór ialtóg cónaí a dhéanamh le chéile, tugtar coilíneacht ar ghrúpa ialtóg a chónaíonn le chéile. Cónaíonn ialtóga i gcrainn, i sean-tithe agus pluaiséanna. Cónaíonn siad faoi dhroichid agus sean-mhianaigh.

Tá cuid mhór cineálacha difriúla ialtóg ann, cuid atá beag agus cuid atá mór.



Ceisteanna

1. Cá huair a bhíonn an ialtóg ina codladh?
 - a. Bíonn an ialtóg ina codladh san oíche.
 - b. Bíonn an ialtóg ina codladh sa lá.
 - c. Ní dhéanann an ialtóg codladh ar bith.
2. Cad é a úsáideann ialtóga le cuidiú leo bia a cheapadh?
 - a. Úsáideann siad solas le bia a cheapadh.
 - b. Úsáideann siad teas le bia a cheapadh.
 - c. Úsáideann siad fuaim le bia a cheapadh.
3. Cad é a thugtar ar ghrúpa ialtóg a chónaíonn le chéile?
 - a. Tugtar coilíneacht ar ghrúpa ialtóg a chónaíonn le chéile.
 - b. Tugtar tréad ar ghrúpa ialtóg a chónaíonn le chéile.
 - c. Tugtar ealta ar ghrúpa ialtóg a chónaíonn le chéile.

cailín *ainmfhocal* cailíní
páiste baineann, girseach

cáilíocht *ainmfhocal* cáilíochtaí
1 scrúdú nó cúrsa a rinne tú a léiríonn go bhfuil an cumas ionat le jab a dhéanamh **2** cé chomh maith nó olc atá rud nó duine, an dóigh a bhfuil rud nó duine

cailís *ainmfhocal* cailísí
cupán luachmhar a úsáidtear i searmanais reiligiúnda

cáiliúil *aidiacht* níos/lis cáiliúla
mór le rá, go mór i mbéal an phobail, iomráiteach, clúiteach

caill *briathar* chaill, cailleann, caillfidh, cailleadh, cailte

1 gan rud a bheith agat níos mó de bharr go ndeachaigh sé ar strae agus ní thig leat teacht air *Chaill mé mo ghuthán póca arís.* **2** gan an bua a fháil i gcluiche nó i gcomórtas *Cailleann Ard Mhacha in éadan Tír Eoghain i gcónaí.* **3** bheith rómhall le rud a fháil *Chaill mé an bus agus bhí orm siúl.*

cailleach *ainmfhocal*
cailleacha
bean a chreidtear a úsáideann draíocht

cailte *aidiacht* níos/lis cailte
nuair nach dtig leat teacht ar rud, ar strae, ar fán, ar iarraidh

caimiléir *ainmfhocal* caimiléirí
duine a bhriseann na rialacha i gcluiche nó i scrúdú sa dóigh go ndéanann siad níos fearr

caimiléireacht *ainmfhocal*
na rialacha a bhriseadh i gcluiche nó i scrúdú sa dóigh go ndéanann tú níos fearr

cáin *ainmfhocal* cánacha
an méid airgid a chaithfidh daoine nó comhlachtaí a thabhairt don rialtas

cáin *briathar* cháin, cáineann, cáinfidh, cáineadh, cáinte
barúil a thabhairt ar dhuine nó ar rud ag díriú ar na lochtanna s'acu

cainéal *ainmfhocal* cainéil
1 stáisiún teilifíse a chraolann réimse clár nó seónna, TG4 mar shampla **2** réimse uisce a nascann dhá fharraige le chéile **3** bealach a shrúthaíonn uisce

cainneann *ainmfhocal* cainneanna
glasra fada atá glas agus bán mar oinniún le duilleoga leathana



cainneon *ainmfhocal* cainneoin
gleann domhain le habhainn ag dul tríd

cainníocht *ainmfhocal* cainníochtaí
an méid de rud atá ann, nó an líon rudaí atá ann

caint *ainmfhocal* cainteanna
focail a dhéanamh ó bhéal, labhairt *Bhí na daltaí ag caint barraíocht sa rang.*

cainteach *aidiacht* níos/lis caintí
cuid mhór cainte a dhéanamh

cainteoir *ainmfhocal* cainteoirí
duine a bhíonn ag caint

cáipéis *ainmfhocal* cáipéisí

1 píosa páipéir scríofa nó clóscríofa, doiciméad **2** sa ríomhaireacht, rud atá stóráilte ar ríomhaire nó ar dhiosca, píosa téacs nó pictiúr mar shampla

caipín *ainmfhocal* caipíní
1 hata bog gan duilleog, bíonn buaic air de ghnáth **2 caipín súile** an craiceann uachtair nó íochtair a dhruideann thar do shúile

cairde *ainmfhocal*
córás airgid ina ligtear do dhuine íoc as rud níos moille, creidmheas

cairdeagan *ainmfhocal* cairdeagain
geansaí cniotáilte a fháisceann tú le cnaipí ag an tús

cairdeas *ainmfhocal*
bheith mór le duine, bheith i do chara ag duine

cairdín *ainmfhocal* cairdíní
uirlis cheoil shoghluaiste a sheinneann tú trí na taobhanna a bhogadh agus trí eochracha a bhrú, bosca ceoil



cairdinéal *ainmfhocal*
cairdinéil
duine de na sagairt is sinseartha san Eaglais Chaitliceach

cairdiúil *aidiacht* níos/lis cairdiúla
bheith deas múinte agus cineálta le duine eile

cairdiúlacht *ainmfhocal*
bheith cairdiúil

cairéad *ainmfhocal* cairéid
glasra oráiste atá fada agus tanaí, meacan dearg

cairéal *ainmfhocal* cairéil
áit a dtocláítear cloch nó scláta as an talamh



Obair Bhaile 9

Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.

chail	cailleann	caint	cainéal
cairdeagan	cairéad	cairdín	

1. _____ mé mo ghuthán póca arís.
2. _____ Ard Mhacha in éadan Tír Eoghain i gcónaí.
3. Chuir mé _____ orm mar bhí sé fuar.
4. D'fhág mé _____ amach don fhia rua Oíche Nollag.
5. Is gléas ceoil é an _____.
6. Bhí na daltaí ag _____ barraíocht sa rang.
7. Is é TG4 an _____ is fearr liom.
8. _____ mé an bus agus bhí orm siúl.

Obair Bhaile 10

Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:

1)



cai _____

2)



cai _____

3)



cai _____

4)




cai _____

5)



cai _____

6)



cai _____

Obair Bhaile 11

Luchóga Beaga agus Eilifintí Móra


Lá den tsaol, bhí na mílte luchóg ina gcónaí i mbaile in aice le loch. Gach lá, tháinig trúpa eilifintí chuig an loch le deoch uisce a fháil. De réir mar a chuaigh siad tríd an bhaile, mharaigh siad na céadta luchóg faoina gcosa.

Is é a dúirt Rí na Luchóg leis an Eilifint Mhór, “Má shiúlann na heilifintí chuig baile ar bhealach difriúil, cuideoidh muid libh má thig linn.”

Rinne an Eilifint Mhór gáire agus dúirt, “Tá sibh ró-bheag le cuidiú linn, ach siúlfaidh muid chuig an loch ar bhealach difriúil.”

Roimh i bhfad, ceap sealgairí na heilifintí i líonta a bhí iontach láidir. Ní raibh na heilifintí ábalta éalú.

Tháinig na luchóga agus chogain siad tríd na rópaí sna líonta. Scaoil siad na heilifintí saor agus, ón lá sin amach, bhí na heilifintí agus na luchóga iontach cairdiúil lena chéile.



Ceisteanna

1. Cad chuige ar tháinig trúpa eilifintí tríd an bhaile gach lá?
 - a. Le dul chuig loch le deoch a fháil.
 - b. Le dul chuig coill le bia a fháil.
 - c. Le dul chuig páirc le sos a fháil.
2. Cad é a tharla do na luchóga nuair a chuaigh na heilifintí tríd?
 - a. Chuaigh siad uilig i bhfolach.
 - b. Chuir na luchóga eagla ar an heilifintí.
 - c. Fuair cuid mhór luchóg bás.
3. Cad é mar a chuidigh na luchóga leis na heilifintí?
 - a. Fuair siad cáis dóibh.
 - b. D'ith siad tríd na rópaí chun iad a scaoileadh saor.
 - c. Níor chuidigh siad leis na heilifintí.

Obair Bhaile 12

An Láma

Is ainmhí ón Mheiriceá Theas é an láma. Tá an láma iontach cosúil le camall, ach tá sé níos lú agus níl cruit ar bith aige.

Is ainmhí láidir é an láma. Ciallaíonn sin go bhfuil siad iontach úsáideach ag iompar rudaí suas cnoic agus sléibhte. Tá fionnadh tiubh, olla acu. Thig an fionnadh seo a úsáid le héadaí a dhéanamh.

Is ainmhí sóisialta é an láma. Ciallaíonn sin gur maith leo cónaí a dhéanamh le chéile le lámaí eile i ngrúpa. Tugtar *tréad* ar ghrúpa lámaí a chónaíonn le chéile.

Bíonn an láma cairdiúil de ghnáth, ach in amanna caitheann sé seile! In amanna bíonn píosa beaga bia sa seile seo, agus in amanna eile bíonn seile an láma glas! Tagann boladh olc ó sheile an láma. Den chuid is mó, caitheann siad seile ar lámaí eile le rá leo le fanacht ar shiúl, In amanna, áfach, má tá eagla orthu, caitheann siad seile ar dhaoine. Ná cuir do lámha ar an láma nó caithfidh sé seile ort!



Ceisteanna

1. Cárb as an láma?
 - a. Is as an Mheiriceá Thuaidh an láma.
 - b. Is as Éirinn an láma.
 - c. Is as an Mheiriceá Theas an láma.
2. Cad é a thugtar ar ghrúpa lámaí a chónaíonn le chéile?
 - a. Tugtar coilíneacht ar ghrúpa lámaí a chónaíonn le chéile.
 - b. Tugtar ealta ar ghrúpa lámaí a chónaíonn le chéile.
 - c. Tugtar tréad ar ghrúpa lámaí a chónaíonn le chéile.
3. Cad é an dath atá ar sheile an láma?
 - a. Tá dath buí ar sheile an láma.
 - b. Tá dath liath ar sheile an láma.
 - c. Tá dath glas ar sheile an láma.

déistin *ainmfhocal*

mothú an-láidir a bheith agat nach bhfuil dúil agat i rud, samhnas

déistineach *aidiacht* níos/ís déistíní

rud a chuireann mothú tinnis ort, rud nach bhfuil dúil agat ann ar chor ar bith

délitearthacht *ainmfhocal*

cumas a bheith ort labhairt, léamh agus scríobh go maith i ndá theanga

deo *ainmfhocal*

go deo i gcónaí amach anseo, go leanúnach

deoch *ainmfhocal* deochanna

leacht a ólann tú *Bhí tart ar an chailín agus fuair sí deoch.*




dé-ocsaíd charbóin

ainmfhocal

an gás a análaíonn daoine amach agus a ghlacann plandaí isteach

deoir *ainmfhocal* deoracha

leacht a thagann amach as do shúile nuair a bhíonn tú ag caoineadh



deonach *aidiacht* níos/ís deonaí

rud a dhéanamh gan íocaíocht nó de bharr gur mhaith leat é a dhéanamh

deontas *ainmfhocal* deontais

rud a thugann duine duit, airgead ach go háirithe

deontóir *ainmfhocal* deontóirí


1 duine a thugann rud duit **2 deontóir fola** duine a thugann fuil le cuidiú le daoine eile

deoraí *ainmfhocal*

deoraithe
duine nach bhfuil ina chónaí ina tír féin

déshúiligh *ainmfhocal*

fearas le lionsaí don dá shúil a chuireann an chuma ar rudaí atá i bhfad ar shiúl go bhfuil siad níos cóngaraí



déthoiseach *aidiacht*

cruth le dhá thoise, cearnóg nó ciorcal mar shampla

dhá *ainmfhocal*

2 rud

dháréag *ainmfhocal*

12 duine

dheachaigh *briathar*

gabhadh chuig *Ní dheachaigh mé áit ar bith ar mo laethanta saoire.*

dhearna *briathar*

gabhadh chuig *déan Ní dhearna mé rud ar bith inné, bhí mé iontach falsa.*

dheas *dobhriathar*

ó dheas ag dul chuig an deisceart

dhíth *ainmfhocal*

gabhadh chuig díth

di *réamhfhocal*

gabhadh chuig do *Bhí an cailín ag súgradh leis an bhábóg ach d'éirigh sí tuirseach di.*

Dia *ainmfhocal* Déithe

cruthaitheoir na Cruinne dar leis an Chríostaíocht, Giúdachas agus Ioslamachas



Diabhal *ainmfhocal* Diabhail

sprid nó duine olc

diaga *aidiacht* níos/ís diaga

mar Dhia nó ag teacht ó na flaithis *Ba dhuine diaga é Íosa.*

diaibéiteas *ainmfhocal*

galar ina mbíonn barraíocht siúcra san fhuil

diaidh *ainmfhocal*

1 i ndiaidh níos moille, rud a leanann rud eile *Rachaidh muid amach i ndiaidh an chluiche.* **2 ina dhiaidh** níos moille ná rud eile *Rachaidh muid abhaile ina dhiaidh seo.* **3 diaidh ar ndiaidh** a tarlú go fadálach ach go réidh

diail *ainmfhocal* diaileanna


cárta nó plaisteach ciorclach le huimhreacha nó litreacha thart air

diailigh *briathar* dhailigh, dialíonn, diaileoidh,

dialiú, diallithe
uimhir ghutháin a bhualadh amach ar ghuthán tri uimhreacha a bhrú

dialann *ainmfhocal*

dialanna
leabhar ina scríobhann tú síos na rudaí áirithe a tharlaíonn duit gach lá nó ina gcuireann tú síos ar na rudaí atá tú ag dul a dhéanamh




diallait *ainmfhocal* diallaití

1 suíochán a chuireann tú ar chapall nó ainmhithe eile sa dóigh is go dtig leat é a mharcaíocht **2** suíochán rothair

diamant *ainmfhocal* diamaint

seoid chrua a bhfuil cuma ghloine shoiléir uirthi



Obair Bhaile 13

Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.

deoch	dí	diallait	diamant
dhearna	dheachaigh	dhiaidh	diaga

1. Bhí tart ar an chailín agus fuair sí _____.
2. Ní _____ mé rud ar bith inné, bhí mé iontach falsa.
3. Bhí an cailín ag súgradh leis an bhábóg ach d'éirigh sí tuirseach _____.
4. Rachaidh muid abhaile ina _____ seo.
5. Ní _____ mé áit ar bith ar mo laethanta saoire.
6. Chuir mé an _____ ar an chapall.
7. Tá _____ ollmhór ar an fháinne.
8. Ba dhuine _____ é Íosa.

Obair Bhaile 14


Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:

1)



deo_____

2)



dés_____

3)




dia_____

4)




deo_____

5)



dia_____

6)



dia_____

Obair Bhaile 15

Teach do na Téidithe

Tá teach speisialta do na teidithe in aice lenár scoil, is músaem é. Ní raibh mé riamh ann. Lá amháin, dúirt ár múinteoir go raibh muid ag dul ann ar turas scoile. Bhí mé iontach tógtha!

Thug fear ón mhúsaem muid thart. Dúirt sé linn faoi uachtarán sa Mheiriceá darb ainm Theodore Roosevelt, a raibh Teidí air mar leas-ainm. Bhí seisean ina uachtarán ar Mheiriceá nuair a rinneadh an chéad bhéar bog bréagach. Bhí dúil mhór aige sna béir agus tugadh an chéad bhéar a rinneadh dó mar bhronntanas. Ón lá sin amach, tugadh Teidí ar gach béar bog bréagach.



Bhí cuid mhór béar sa mhúsaem. Bhí ceann amháin acu ann a bhí 100 bliain d'aois. Tá sin níos sine ná mo dhaideo! Bhí boladh olc ag teacht ón sean-bhéar sin. Bhí béar eile ann a bhí ollmhór. Bhí sé chomh mór lenár múinteoir!

Bhí lá ar dóigh againn ag an mhúsaem agus cheannaigh mé béar beag bréagach ón siopa sular imigh muid.

Ceisteanna

1. Cá ndeachaigh an rang ar turas scoile?
 - a. Chuaigh an rang chuig pláinéadlann.
 - b. Chuaigh an rang chuig páirc thuaithe.
 - c. Chuaigh an rang chuig músaem.
2. Cad é an leas-ainm a bhí ar Theodore Roosevelt?
 - a. Bhí an leas-ainm Theo air.
 - b. Bhí an leas-ainm Teidí air.
 - c. Bhí an leas-ainm Roosie air.
3. Cad é an aois den bhéar is sine a chonaic siad?
 - a. Bhí sé 20 bliain d'aois.
 - b. Bhí sé 50 bliain d'aois.
 - c. Bhí sé 100 bliain d'aois.

Obair Bhaile 16

Bricfeasta


Is é an bricfeasta an chéad bhéile den lá. In Éirinn, itheann daoine gránach, nó ubh agus tósta de ghnáth. Ach, thart ar an domhan, itheann daoine rudaí difriúla don bhricfeasta.

In áiteanna difriúla san Afraic, itheann daoine maróg arbhair le bainne milis. Is é *atogo* bricfeasta eile ón Afraic, seo meascán de bhananaí ghlasa i stobhach feola nó pónairí. Itheann daoine torthaí úra mar bananaí agus cnónna cócó fosta san Afraic don bhricfeasta.

Sa tSeapáin, is iomaí duine a itheann éisc, rís, súp agus sailéad don bhricfeasta.

I Vítneam, itheann daoine rís ghreamaitheach le harán milis nó *pho*. Is súp ríse nó núdal le feoil agus luibheanna é *pho*.

Sa Ghearmáin, itheann daoine feola fuara, ispíní agus cáis le haráin dhifriúla don bhricfeasta. Bíonn síolta go fóill i gcuid den arán seo agus tá arán eile acu atá chomh dorcha sin go bhfuil siad dubh.



Ceisteanna

1. Cad é an chéad bhéile den lá?
 - a. Is é an bricfeasta an chéad bhéile den lá.
 - b. Is é an lón an chéad bhéile den lá.
 - c. Is é an suipéar an chéad bhéile den lá.
2. Cad é a itheann siad don bhricfeasta sa tSeapáin?
 - a. Itheann siad rís ghreamaitheach le harán milis don bhricfeasta.
 - b. Itheann siad feoil, ispíní, cáis agus arán don bhricfeasta.
 - c. Itheann siad éisc, rís, súp agus sailéad don bhricfeasta.
3. Cad é a itheann siad don bhricfeasta sa Ghearmáin?
 - a. Itheann siad rís ghreamaitheach le harán milis don bhricfeasta.
 - b. Itheann siad feoil, ispíní, cáis agus arán don bhricfeasta.
 - c. Itheann siad éisc, rís, súp agus sailéad don bhricfeasta.

eisimirceach *ainmfhocal* eisimircigh
duine a imíonn ón tír s'acu féin le cónaí a dhéanamh i dtír eile

eisiúint *ainmfhocal* eisiúintí
rud a cuireadh ar fáil

eisreachtaí *ainmfhocal* eisreachtaithe
robálaí nó coirpeach atá i bhfolach de bharr go bhfuil na péas sa tóir air mar gur bhris sé an dlí

éist *briathar* d'éist, éisteann, éistfidh, éisteacht
aird a dhíriú ar dhuine nó rud sa dóigh is gur féidir leat é a chluinstin *Éistim le mo mhúinteoir go cúramach sa rang.*

éisteacht *briathar*
ábaltacht fuaimeanna a phiocadh suas tríd na cluasa

éisteoir *ainmfhocal* éisteoirí
duine a éisteann

eite *ainmfhocal* eítí
an chuid thanaí chothrom a ghobann amach ó iasc a chuidíonn leis snámh

eiteach *ainmfhocal*
gan glacadh le rud nó gan rud a dhéanamh, diúltú

eiteog *ainmfhocal* eiteoga
an chuid d'éan nó d'fheithid a ligeann dó eitilt, sciathán

eitigh *briathar* d'eitigh, eitíonn, eiteoidh, eiteach, eitithe
é a chur in iúl nach nglacfaidh tú le rud nó nach ndéanfaidh tú é, diúltaigh

eitil *briathar* d'eitil, eitlíonn, eitleoidh, eitilt, eitilte
bogadh tríd an aer le heiteoga nó in aerárthach *D'eitil na héin ar shiúl nuair a chuala siad trup.*


eitilt *ainmfhocal* eitiltí
turas in aerárthach

eitinn *ainmfhocal*
galar na scamhóg

eitleán *ainmfhocal*
eitleáin
feithicil a eitlíonn le heiteoga daingin agus innill chumhachtacha

eitleog *ainmfhocal* eitleoga
1 fráma éadrom clúdaithe le héadach nó páipéar a eitlíonn tú sa ghaoth ag deireadh píosa fada sreinge **2** i gcluichí liathróide, an liathróid a bhualadh sula mbaineann sé an talamh amach

eitneach *aidiacht* níos/ís eitní
ag baint le grúpa ciníoch ar leith




eitpheil *ainmfhocal*
cluiche ina mbuaileann dhá fhoireann liathróid mhór thar líon agus ar ais arís lena lámha

eitre *ainmfhocal* eitrí
cuid fhada chaol gearrtha amach as rud

eochair *ainmfhocal*
eochara

1 rud beag miotail le cruth ar leith a osclaíonn glas

2 cnaipe nó luamhán beag a bhrúnn tú le do lámh, ar mhéarchlár nó pianó mar shampla **3** fearas a úsáid tú le clog nó bréagán intochraiste a thochras **4** scála nótaí sa cheol **5** cód ar ghraif nó léarscáil a mhíníonn ciall na siombailí



eochairchlár *ainmfhocal* eochairchláir
sraith eochara ar phianó, clóscríobhán nó ríomhaire

eolach *aidiacht* níos/ís eolaí
eolas a bheith agat

eolaí *ainmfhocal* eolaithe
1 duine a bhíonn ag obair le heolaíocht **2** duine le scil nó eolas speisialta ar ábhar ar leith



eolaíocht *aidiacht* níos/ís eolaíche
a bhaineann leis an eolaíocht

eolaíocht *ainmfhocal*
an staidéar ar rudaí agus imeachtaí ar an domhan ar féidir breathnú agus tástáil a dhéanamh orthu *Is é an eolaíocht an t-ábhar scoile is fearr liom.*

eolaire *ainmfhocal* eolairí
leabhar a choinníonn liosta daoine lena seoltaí agus uimhreacha gutháin

eolas *ainmfhocal*
fíricí nó rud eile a chuireann duine in iúl duit nó a fhoghlaimíonn tú *Níl eolas ar bith agam ar an cheist.*

Eoraip *ainmfhocal*
an mhór-roinn ina bhfuil Éire

eorna *ainmfhocal*
grán a úsáidtear mar bhia agus le beoir a dhéanamh

Eorpach *aidiacht* níos/ís Eorpaí
a bhaineann leis an Eoraip

Eorpach *ainmfhocal* Eorpaigh
duine ón Eoraip

Obair Bhaile 17





Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.

éistim	eitpheil	eitleog	eolas
eolaíocht	eochairchlár	eitleán	d'eitil

1. _____ go cúramach le mo mhúinteoir sa rang.
2. _____ na héin ar shiúl nuair a chuala siad trup.
3. Is maith liom _____ a imirt ar an trá.
4. Fuair muid _____ chuig an Spáinn.
5. Is maith liom súgradh le _____ ar lá gaofar.
6. Bíonn na heochracha dubh agus bán ar _____.
7. Níl _____ ar bith agam ar an cheist.
8. Is é an _____ an t-ábhar scoile is fearr liom.

Obair Bhaile 18

Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:



Obair Bhaile 19

An Crannbhothán Draíochta

Dia duit, is mise Ciarán. Tá cúpla agam, Ciara, agus tá crannbhothán draíochta againn.

Níl an chuma air go bhfuil sé draíochta, ach tá sé tógtha go hard sa chrann is airde sa ghairdín, tá doras aige, díon, agus dhá fhuinneog. Tá dréimire speisialta ann atá curtha le stoc an chrainn a ligeann dúinn dul suas agus, ar an taobh eile, tá sleamhnán fada mór ann a ligeann dúinn dul síos go gasta.



Istigh, tá tábla, cúpla suíochán, binse agus seilf. Is crannbhothán draíochta é mar gheall ar na rudaí atá ar an seilf speisialta seo – leabhair!

An tseachtain seo caite, chuaigh mé ar turas draíochta le gasúr darb ainm Harraí chuig sean-scoil draíochta a bhí lán de dhraíodóirí agus arrachtaí agus, an tseachtain seo, tá mé ag dul ar eachtra chuig oileán taisce le foghláir mara darb ainm Seán Fada!

Is é an t-aon rud olc faoi na heachtraí draíochta seo ná go stopann siad nuair a chluinimid mamaí ag scairt ár n-ainmneacha. Zúm! Go tobann, táimid ar ais inár seanbhothán draíochta.

Ceisteanna


1. Cad é an t-ainm atá ar chúpla Chiaráin?
 - a. Caoimhlín an t-ainm atá uirthi.
 - b. Córa an t-ainm atá uirthi.
 - c. Ciara an t-ainm atá uirthi.
2. Cad é mar a théann siad síos ón chrannbhothán?
 - a. Téann siad síos dréimire.
 - b. Téann siad síos sleamhnán.
 - c. Téann siad síos rópa.
3. Cad é an rud a chuireann an draíocht sa crannbhothán?
 - a. Is é an sleamhnán a chuireann an draíocht sa chrannbhothán.
 - b. Is iad na suíocháin a chuireann an draíocht sa chrannbhothán.
 - c. Is iad na leabhair a chuireann an draíocht sa chrannbhothán.

Obair Bhaile 20

Tarantúlaí

Is damhán alla mór, gruagach é an tarantúla. Tá an chuid is mó acu donn nó dubh agus fanann cuid acu beo suas le 30 bliain!

An raibh a fhios agat go bhfuil na tarantúla is mó níos faide na rialóir scoile, is é sin 30cm? Tá crúb beag acu ag an deireadh de gach ceann dá n-ocht gcós a chuidíonn leo dreapadh.



Cónaíonn tarantúlaí i bpoll sa talamh. Tá cuid eile ann a chónaíonn ar an talamh, faoi chlocha, faoi choirt chrainn nó lomán. Tá cuid ann a chónaíonn in airde i gcrainn fosta.

Itheann tarantúlaí feoil. Is maith leo feithidí, damháin alla eile agus laghairteanna beaga a ithe. Itheann tarantúlaí more froganna, nathracha agus éin bheaga.

Maraíonn tarantúlaí an chreach le greim nimhe. Thig leo iad a bhrú leis na gialla láidre s'acu. Ní fhanann mórán tarantúlaí ar líon ag fanacht leis an chreach, ritheann siad sa tóir orthu chun iad a cheapadh.

Ná bí buartha! Níl tarantúla ar bith san fhiántas in Éirinn agus, cibé ar bith, tá greim an tarantúla cosúil le cealg ó bheach nó foiche. Má bhaineann tarantúla greim asat, ní bhfaighidh tú bás!

Ceisteanna

1. Cad é an fad den tarantúla is faide?
 - a. Níos faide ná 10cm.
 - b. Níos faide ná 20cm.
 - c. Níos faide ná 30cm.
2. Cad é a itheann tarantúlaí?
 - a. Itheann tarantúlaí plandaí.
 - b. Itheann tarantúlaí feoil.
 - c. Itheann tarantúlaí créafóg.
3. Cad é mar a mharaíonn tarantúlaí an chreach s'acu?
 - a. Maraíonn siad iad le crúba.
 - b. Maraíonn siad iad le nimh.
 - c. Maraíonn siad iad le na haintéiní s'acu.

faighneog *ainmfhocal* faighneoga
cás de shíol

fáil *briathar*
gabh chuig faigh *Cad é a bheidh tú ag fáil do mhamaí ar a breithlá?*

fáilí *aidiacht* níos/is fáilí
rud a dhéanamh go ciúin nó go rúnda

faill *ainmfhocal* failleanna
am maith le rud a dhéanamh, seans, caoi

faillí *ainmfhocal* faillíocha
meancóg a dhéanamh de bharr nár thug tú faoi deara

faillitheach *aidiacht* níos/is faillithí
gan aire cheart a thabhairt ar rud, gan a bheith cúramach go leor

fáilte *ainmfhocal* fáiltí
beannacht chineálta nó chairdiúil a thugann tú nuair a thagann duine chugat *Fáilte romhat, a Liam.*

fáilteoir *ainmfhocal* fáilteoirí
duine a chuireann fáilte roimh dhaoine in oifig nó i bhfoirgneamh eile

fáiltigh *briathar*
d'fháiltigh, fáiltíonn, fáilteoidh, fáiltiú, fáiltithe
beannacht chineálta nó chairdiúil a thabhairt do dhuine

fáiltiú *ainmfhocal* fáiltithe
deasc nó cuntar don fháilteoir

fainic *briathar*
bí cúramach *Fainic thú féin ar an mhadadh.*

fáinleog *ainmfhocal* fáinleoga
éan beag le ruball mar fhorc agus eiteoga bioracha

fáinne *ainmfhocal* fáinní
1 rud le cruth ciorcail **2** píosa tanaí miotail i gcruth ciorcail a chaitheann tú ar do mhéar **3** áit a mbíonn comórtas dornálaíochta nó iomrascála ar siúl **4** áit a mbíonn imeachtaí an tsorcais ar siúl **5** ribí fada de ghruaig chatach **6 fáinní cluaise** seodra a chaitheann tú sna cluasa, sna maotháin ach go háirithe **7 fáinne gheal an lae** an chéad rud ar maidin nuair a éiríonn an ghrian

fair *briathar* d'fhair, faireann, fairfidh, faire, fairthe
amharc ar rud nó coimhéad amach do rud ar feadh tamaill fhada

faire *ainmfhocal* fairí
1 amharc amach **2 fear faire** duine a sheasann garda ar áit **3 focal faire** pasfhocal **4** áit a gcoinnítear cónra dhuine atá marbh sula gcuirtear é, tugann daoine cuairt ar an áit le hurraim a léiriú

fairsing *aidiacht* níos/is fairsinge
1 spás fada a bheith ann ó thaobh go taobh, leathan **2** ag clúdach achar fada, cuid mhór spáis a bheith ann **3** cuid mhór a bheith *Tá na héisc fairsing san abhainn seo.*

fairsingiú *ainmfhocal*
rud a dhéanamh leathan nó níos mó, méadú

fairtheoir *ainmfhocal* fairtheoirí
duine a sheasann garda ar áit

fáisc *briathar* d'fháisc, fáisceann, fáiscfidh, fáiscadh, fásctha
1 rud a bhrú isteach ón dá thaobh le do lámha **2** rud a chasadh leis an uisce atá ann a fháil amach as **3** rud a dhéanamh teann

fáisceán *ainmfhocal* fáisceáin
siall éadaigh a chuireann tú thart ar chneá nó gearradh ar an chorp, bréid, bindealán

fáisc-chlár *ainmfhocal* fáisc-chláir
clár beag a iompraíonn tú a gcuireann tú páipéar air ar féidir a ghreamú le fáiscín

fáiscín *ainmfhocal* fáiscíní
1 uirlis bheag a choinníonn dhá rud nó níos mó le chéile **2 fáiscín páipéir** píosa beag miotail a choinníonn píosaí páipéir le chéile

faisean *ainmfhocal* faisin
an stíl nó an cineál éadaí nó rudaí eile a mbíonn dúil ag daoine ann ag am ar leith



faiseanta *aidiacht* níos/is faiseanta
rud a leanann an stíl choitianta ag am ar leith

faisnéis *ainmfhocal* faisnéisí
1 fíricí nó rud eile a chuireann duine in iúl duit nó a fhoghlaimíonn tú, eolas **2 faisnéis na haimsire** tuairisc ar an dóigh a mbeidh an aimsir amach anseo

faistíne *ainmfhocal* faistíní
rud a deir duine a tharlóidh sa todhchaí

faiteach *aidiacht* níos/is faití
eagla nó imní a bheith ort bualadh le daoine eile nó labhairt leo, cúthail

faiteadh *ainmfhocal*
1 rud a bhogadh suas agus síos nó ó thaobh go taobh **2 i bhfaiteadh na súl** go hiontach gasta ar fad, ar iompú boise



Obair Bhaile 21





Líon na bearnaí leis na focail sa bhosca. Bain úsáid as an fhoclóir s'agat.

fairsing	fáilte	fáinleog	fáil
faic-chlár	fáiscín	fáinne	fainic

1. _____ romhat, a Liam.
2. Tá na héisc _____ san abhainn seo.
3. Chonaic mé cuid mhór _____ ag eitilt sa samhradh.
4. Cad é a bheidh tú ag _____ do mhamaí ar a breithlá?
5. Caitheann mo mhamaí _____ óir.
6. Fuair muid uilig _____ sula ndeachaigh muid amach don suirbhé.
7. Ghreamaigh mé na leathanaigh le chéile le _____.
8. _____ thú féin ar an mhadadh.

Obair Bhaile 22

Comhlánaigh agus scríobh síos an sainmhíniú de na rudaí seo thíos:



Obair Bhaile 23

An Trodaí Tine

An raibh a fhios agat go bhfuil thart fá 1 bomaite ag trodaí tine lena chulaith thine a chur air? Caithfidh siad an tine a bhaint amach chomh gasta agus is féidir agus caithfidh siad bogadh go gasta. Caitheann siad culaith speisialta a thugann cosaint dóibh ón teas, toit, uisce agus bladhmannanna ón tine.



Clogad; caitheann an trodaí tine clogad chun é féin a chosaint ó rudaí a bhíonn ag titim nuair a bhíonn tine ann.

Culaith; caitheann an trodaí tine cóta agus brístí atá déanta le hábhar nach dtéann trí thine, tá siad dódhíonach.

Buataisí; tá a bhuataisí déanta de rubar agus tá miotal ar an taobh istigh acu, thart ar na ladhracha agus an tsáil.

Masc agus tanc aeir; caitheann sé masc agus tanc aer a ligeann dó análú mar is ceart agus é ag obair cóngarach don tine.

Lámhainní tiubha; tugann siad cosaint dó ón teas agus rudaí géara.

Rudaí eile; baineann sé úsáid as rudaí eile, tóirse, raidió, tua nó rópa mar shampla.

Ceisteanna

1. Cá fhad atá ag trodaí tine le déanamh réidh?
 - a. Tá 1 bomaite ag trodaí tine le déanamh réidh.
 - b. Tá 3 bomaite ag trodaí tine le déanamh réidh.
 - c. Tá 5 bomaite ag trodaí tine le déanamh réidh.
2. Cac chuige a gcaitheann trodaí tine clogad?
 - a. Chun a chloigeann a choinneáil te.
 - b. Ar eagla go bhfuil sé ag cur fearthainne.
 - c. Chun é féin a chosaint ó rudaí a bhíonn ag titim sa tine.
3. Cad chuige a bhfuil masc agus tanc aeir de dhíth ar an trodaí tine?
 - a. Ar eagla go gcaithfidh sé dul faoin uisce.
 - b. Ligeann sé dó análú mar is ceart agus é ag troid tine.
 - c. Mar níor mhaith leis go bhfeicfeadh daoine é.

Obair Bhaile 24

Sióg na bhFiadra


Ar smaoinigh tú riamh ar Shióg na bhFiadra? Cá bhfuil sí ina cónaí? Cad é a dhéanann sí leis na fiadra a bhailíonn sí gach oíche?

Bhuel, tá níos mó ná ceann amháin acu ann, tá na mílte acu ann ar fud an domhain. Déanann siad cónaí faoin tuath, in aice le loch nó abhainn de ghnáth, agus is maith leo cónaí faoi chrann le cuid mhór muisiriúin. Ná cuir d'am amú ag amharc dóibh agus tú ar siúlóid sa lá, ní fheicfidh tú iad. Úsáideann siad an draíocht s'acu leis Tír na Sióg s'acu a chur i bhfolach ó dhaoine móra.

Ag caint ar dhraíocht, sin an fáth a mbíonn fiadra de dhíth orthu. San oíche, téann siad chuig na tithe ina bhfuil fiadra faoin adhairt ag páistí, fanann siad go dtí go bhfuil gach duine sa teach ina gcodladh, agus ansin glacann siad an fhiacail.

Nuair a théann siad abhaile, brúnn siad an fhiacail go dtí go bhfuil sé ina phúdar nó dusta, agus baineann siad úsáid as an dusta sin don draíocht s'acu. Tagann cuid mhór draíochta ó pháistí!

Go minic, fágann siad bronntanas beag faoin adhairt le *go raibh maith agat* a rá as na fiadra agus an draíocht!



Ceisteanna

1. Cá bhfuil Sióga na bhFiadra ina gcónaí?
 - a. Cónaíonn Sióga na bhFiadra i gcaisleán sna scamail.
 - b. Cónaíonn Sióga na bhfiadra faoin tuath.
 - c. Cónaíonn Sióga na bhfiadra faoi do leaba.
2. Cá huair a ghlacann Sióg na bhFiadra d'fhiacail?
 - a. Glacann sí í caol díreach nuair a thiteann sí amach.
 - b. Glacann sí í nuair atá gach duine sa teach ina gcodladh.
 - c. Glacann sí í thart fá trí a chlog ar maidin.
3. Cad é a dhéanann Sióga na bhfiadra leis na fiadra a bhailíonn siad?
 - a. Tógann siad ballaí leo.
 - b. Déanann siad dusta draíochta leo.
 - c. Cuireann siad iad ina mbéil féin.

Léitheoireacht / Reading

Lá / Dáta Day / Date	Leabhar Book	Leathanaigh Pages	Inisileacha Initials
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			

An Luan/Monday
An Chéadaoin/Wednesday

An Mháirt/Tuesday
An Déardaoin / Thursday